ADVERT ID 248738

# Deputy Principal

## Scoil an Duinnínigh

Draighneán Bothar Fhaol Droma Kinsealy Co. Átha Cliath K67 V207
https://www.scoiland.ie

### MAIN DETAILS

| | |
|---|---|
| **Status:** | Deactivated |
| **Level:** | Primary |
| **Date Posted:** | Mon Mar 9 2026 |
| **Application Closing Date:** | Thu Mar 26 2026 |
| **Commencement Date:** | Tue Sep 1 2026 |
| **Status of Post:** | Permanent |
| | This is a readvertisement |

### SCHOOL DETAILS

| | |
|---|---|
| **School Type:** | Mainstream |
| **School Structure:** | Vertical |
| **Gender:** | Co-Educational |
| **School Patronage:** | Catholic |
| **Classification:** | Gaelscoil |
| **Total No. of Teaching Staff:** | 25 |
| **Current Enrolment:** | 400 |
| **Droichead school:** | Yes |
| | Gaelscoil |

### POST DETAILS

**Additional Information:**
Tugann Bord Bainistíochta Scoil an Duinnínigh, faoi phátrúnacht Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, Dermot Farrell, Uimhir Rolla: 19898K, cuireadh d'iarratais ar an bpost mar Phríomhoide Tánaisteach.

Is ceapachán buan é seo a dhéanfar trí iomaíocht oscailte.

CRITÉIR Incháilitheachta

Ní mór d'iarrthóirí:
• A bheith Lán-chláraithe faoi Bhealach 1 (Bunscoil) leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
• 5 Bliain caite i mbun seirbhís mhúinteoireachta aitheanta, agus 2 Bliain den mhéid seo i mbunscoil aitheanta i bPoblacht na hÉireann

Ciorclán 0044/2019, 1.2: 'Cé go bhfuil an Príomhoide freagrach i ndeireadh na dála don Bhord Bainistíochta, de réir mar is cuí, as bainistíocht agus ceannaireacht na scoile, tá post ríthábhachtach ag an bPríomhoide Tánaisteach i bhfoireann na ceannaireachta sinsearaí i scoil. Éilíonn ceannaireacht roinnte oscailteacht agus toilteanas ó Phríomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha an cheannaireacht agus freagrachtaí bainistíochta a roinnt agus a dháileadh ar shlí a spreagann comhpháirtíocht agus a thacaíonn léi. Comhoibríonn an Príomhoide Tánaisteach leis an bPríomhoide agus ról an Phríomhoide á chomhlíonadh aige/aici agus feidhmíonn sé/sí mar Phríomhoide nuair a bhíonn an Príomhoide as láthair. Ní eascraíonn aon chearta uathfheidhmeacha i dtaca le teacht i gcomharbacht mar Phríomhoide as bheith ag feidhmiú mar Phríomhoide'.

Feidhmeoidh an té a cheapfar mar bhall lárnach d'fhoireann ceannasaíochta agus bainistíochta na scoile. Tá sé rí-thábhachtach go mbeadh na róil agus freagrachtaí sannta fós ábhartha do riachtanais agus thosaíochtaí na scoile. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ag eatraimh rialta ar shannadh ról agus freagrachtaí, agus é a dhéanamh gach dhá bhliain ar a laghad.

Beidh roghnú an iarratasóra rathúil bunaithe ar cheithre inniúlacht atá ar aon dul leis an gCreat Cailíochta Um Cheannaireacht agus Bainistíocht i Scoileanna na hÉireann:
1. Teagasc agus Foghlaim a threorú
2. An Eagraíocht a bhainistiú
3. Forbairt scoile a threorú
4. Inniúlacht cheannaireachta a fhorbairt

Ag teacht leis na réimsí thuasluaite, agus ag obair go dlúth leis an bPríomhoide, bainfidh freagrachtaí an phoist seo le forbairt churaclaim uile-scoile, forbairt polasaithe, bainistíocht laethúil na scoile agus pleanáil straitéiseach d'fhorbairt na scoile.

Léireoidh an t-iarratasóir rathúil, go hidéalach:

• Tuiscint agus Tiomantas do Luachanna, Fís agus Éiteas Caitliceach Scoil an Duinnínigh.
• Tiomantas agus spéis bheo do chur chun cinn agus do chaomhnú na Gaeilge agus an chultúir
• Fianaise ar leibhéal ard tiomantais d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach
• Fianaise ar obair mar pháirt d'fhoireann agus caidrimh dhearfacha a chothú le baill foirne, Bord Bainistíochta, gníomhaireachtaí seachtracha, tuismitheoirí/caomhnóirí agus an pobal scoile níos leithne
• Saineolas ar cheannaireacht, bainistíocht agus riarachán scoile
• Scileanna ceannaireachta cruthaithe, lena n-áirítear forbairt agus cur i bhfeidhm beartais
• Ardscileanna cumarsáide agus idirphearsanta mar aon le cumas daoine a bhainistiú
• Tiomantas don cheannaireacht roinnte agus acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt sa scoil
• Tuiscint ar an bpróiseas féinmheastóireacht scoile agus forbairt polasaithe
• Tuiscint agus eolas ar na riachtanais atá nasctha le soláthar na gCásanna Oideachais Speisialta, cuimsiú agus éagsúlacht
• Eolas domhain ar an gCuraclam Nua Bunscoile agus réimse leathan taithí múinteoireachta

Glacfar le hiarratais leictreonacha (ríomhphost) amháin chuig foluntas@scoiland.ie faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta roimh 12 meánlae ar an Déardaoin 26/03/2026.

Beidh an ceapachán faoi réir riachtanais Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána, tagairtí sásúla, agus scagadh leighis réamhfhostaíochta.

Tá sé riachtanach go mbeadh Dearbhú Reachtúil bailí ag an duine a cheapfar agus go gcomhlánódh siad an Fhoirm Ghealltanais.

### APPLICATION REQUIREMENTS

- It is a requirement to hold a valid Statutory Declaration and to complete the Form of Undertaking for this position.
- Letter of Application
- Copy of Certificates, Diplomas, Degrees
- Teaching Council Registration
- Foirm Iarratais Chaighdeánach ar Phost an Phríomhoide agus an Leas-Phríomhoide – as Gaeilge
- Recognised Certificate to Teach Religious Education

### Applications may be submitted by

- Email

APPLY TO THIS JOB VACANCY

| | |
|---|---|
| **Roll Number:** | 19898K |
| **Apply To:** | FAOI BHRÁID: Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta<br><br>TRÍ R-PHOST ROIMHE MHEÁNLAE 26 Márta 2026 CHUIG: foluntas@scoiland.ie |
| **County:** | Dublin |
| **Postal District:** | County Dublin |
| **Enquiries To:** | foluntas@scoiland.ie |
| **Website:** | https://www.scoiland.ie |

Information contained within this advertisement is copyrighted by IPPN and licensed by IPPN for use by job-seekers only. The information herein may not be downloaded, copied or used for any other purposes, including its replication on other recruitment & advertising websites, without the express prior written permission of IPPN.